| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Tá sé dorcha.<br>Níl sé dorcha.<br>An bhfuil sé dorcha?<br>Nach bhfuil sé dorcha? | It's dark.<br>It's not dark.<br>Is it dark?<br>Isn't it dark? |
| | Tá.<br>Níl. | Yes (is).<br>No (isn't). |
| | geal / dorcha<br>te / fuar / tirim / fliuch<br>scamallach / grianmhar / gaofar | bright / dark<br>hot / cold / dry / wet<br>cloudy / sunny / windy |
| **2.** | Tá an bord mór.<br>Níl sé beag. | The table is large.<br>It isn't small. |
| | mór / beag / trom / éadrom<br>glan / salach<br>blasta / gránna / milis / géar | large / small / heavy / light<br>clean / dirty<br>tasty / nasty / sweet / sour |
| **3.** | Cá bhfuil an foclóir?<br>Tá sé ar an mbord. | Where is the dictionary?<br>It's on the table. |
| | anseo / ansin / istigh / amuigh<br>ar an mbord / ar an bpláta<br>ar an urlár / ar an díon<br>faoin mbord / faoin mbosca<br>sa bhosca / sa chupán (sa mbosca / sa gcupán)<br>sa mhála / sa chistin (sa mála / sa gcistin)<br>sa bhaile (sa mbaile) | here / there / inside / outside<br>on the table / on the plate<br>on the floor / on the roof<br>under the table / under the box<br>in the box / in the cup<br>in the bag / in the kitchen<br>at home |
| **4.** | Cén dath atá ar an mbord?<br>Tá dath donn air. | What color is the table?<br>It's brown. |
| | dubh / bán / liath / donn / buí<br>gorm / glas / dearg / corcra / bándearg | black / white / gray / brown / yellow<br>blue / green / red / purple / pink |
| **5.** | Bhí sé dorcha.<br>Ní raibh sé dorcha.<br>An raibh sé dorcha?<br>Nach raibh sé dorcha? | It was dark.<br>It wasn't dark.<br>Was it dark?<br>Wasn't it dark? |
| | Bhí.<br>Ní raibh. | Yes (was).<br>No (wasn't). |
| | Cá raibh an foclóir? | Where was the dictionary? |
| **6.** | Bíonn sé dorcha.<br>Ní bhíonn sé dorcha.<br>An mbíonn sé dorcha?<br>Nach mbíonn sé dorcha? | It is (usually) dark.<br>It isn't (usually) dark.<br>Is it (usually) dark?<br>Isn't it (usually) dark? |
| | Bíonn.<br>Ní bhíonn. | Yes (usually is).<br>No (usually isn't). |
| | Cá mbíonn tú ar maidin? | Where are you (usually) in the morning? |

**<u>Comhrá 1</u>**
A: An bhfuil sé *<u>scamallach</u>* inniu?
B: *<u>Níl. Tá sé grianmhar.</u>*

**<u>Conversation 1</u>**
Is it cloudy today?
No. It's sunny.

**<u>Comhrá 2</u>**
A: An bhfuil an bord mór?
B: Tá. Tá sé mór.
A: An bhfuil sé glan?
B: Níl. Tá sé salach.

**<u>Conversation 2</u>**
Is the table large?
Yes. It's large.
Is it clean?
No. It's dirty.

**<u>Comhrá 3</u>**
A: Cá bhfuil an leabhar?
B: Tá sé sa bhosca.
A: An bhfuil an bosca sa chistin?
B: Níl. Tá sé faoin mbord.

**<u>Conversation 3</u>**
Where's the book?
It's in the box.
Is the box in the kitchen?
No. It's under the table.

**<u>Comhrá 4</u>**
A: Cá bhfuil an buidéal?
B: Níl a fhios agam. Cén dath atá air?
A: Tá dath glas air.
B: Nach bhfuil sé sa chistin?

**<u>Conversation 4</u>**
Where is the bottle?
I don't know. What color is it?
It's green.
Isn't it in the kitchen?

**<u>Comhrá 5</u>**
A: An raibh tú sa bhaile aréir?
B: Ní raibh. Bhí mé sa pháirc.
A: Nach raibh sé fuar?
B: Ní raibh. Bhí sé te.

**<u>Conversation 5</u>**
Were you at home last night?
No. I was in the park.
Wasn't it cold?
No. It was warm.

**<u>Comhrá 6</u>**
A: An mbíonn sé te in Éirinn?
B: Ní bhíonn. Bíonn sé fuar fliuch.
A: An bhfuil sé fliuch inniu?
B: Níl. Tá sé go deas inniu.

**<u>Conversation 6</u>**
Is it warm in Ireland?
No. It's cold and wet.
Is it wet today?
No. It's nice today.

**<u>Comhrá 7</u>**
A: Dia duit.
B: Dia is Muire duit.
A: Conas atá tú?
B: Tá mé fuar.
A: Tá sé fuar inniu.
B: Tá, ach tá sé tirim.
A: Ar mhaith leat cupán tae?
B: Ba mhaith, le do thoil.
A: Seo duit.
B: An bhfuil siúcra ann?
A: Tá. Tá siúcra agus bainne ar an mbord.
B: Go raibh maith agat.
A: Fáilte.

**<u>Conversation 7</u>**
Hello.
Hello.
How are you?
I'm cold.
It's cold today.
Yes, but it's dry.
Would you like a cup of tea?
Yes [I would], please.
Here you go.
Is there sugar?
Yes. There is sugar and milk on the table.
Thank you.
You're welcome.